

AN FEAR A GHEARR CÁBLA.

8/3/32.

Seán Shéamuis a bhí air de Chlann ac Dhonnchadha . Soitheach Revenue a tháinig i gcuan na hÁirde. Tá poll ancaire isteach ó Bhealach na Shraitha idir Oileán Máisiúin agus Muighinis. Tháinig an cutter seo isteach agus bhí criú uirthi le dhul ag tóroidheacht poitín lárna bháireach.

Bhí Seám Shéamuis ina chomhnaidhe i Muigh Inis é féin triúr dreathar, Giolla, Ciarbhan agus Séamus Óg. Nuair a tháinig an oidhche chuaidh Séán Shéamuis amach a snámh go dtí an cutter agus bhí sgian mhaith aige. Ghearr sé an cabla agus níor airigh an muinntir a bhí sa soitheach dhá gearradh í. Nuair a bhí an cábla gearrtha aige tháinig sé isteach slán.

Ní raibh aon choinneál ar an soitheachnar bhí an cábla gearrtha agus d'ímtigh sí le gaoith go dtáinig sí ar charraig i Muigh Inis. Nuair a tháinig taoille fúthe arís shnámh sí.